AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2020
COM(2020) 584 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhpháirtíochta a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, i ndáil leis an leasú ar liosta na ndaoine aonair a bheidh ag feidhmiú mar eadránaithe in imeachtaí um réiteach díospóide

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. .../... DEN CHOISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA AE-AN AIRMÉIN

de …

lena leasaítear liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 339 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile

AN COISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, ("an Comhaontú"), agus go háirithe Airteagal 339(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhunaigh an Coiste Comhpháirtíochta, ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2019, liosta 15 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe ("liosta na n-eadránaithe").

(2) I gcomhréir le hAirteagal 339(2) den Chomhaontú, ba cheart na daoine aonair atá ar an liosta a bheith neamhspleách, a bheith ag feidhmiú i gcáil phearsanta, agus gan a bheith ag glacadh treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas, ná a bheith cleamhnaithe le haon cheann de na Páirtithe, agus ba cheart dóibh an Cód Iompair a chomhlíonadh.

(3) Chuir an Airméin in iúl don Aontas go bhfuil duine de na headránaithe a bhí molta aici nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh a leagtar amach in Airteagal 339(2) den Chomhaontú agus, dá bhrí sin, mhol siad duine aonair eile lena cheapadh ina ionad.

(4) Chun a áirithiú go ndéanfar forálacha an Chomhaontaithe a cuireadh i bhfeidhm go sealadach a oibriú, ba cheart don Choiste Comhpháirtíochta leasú a dhéanamh ar liosta na n-eadránaithe.

(5) Glacann an tAontas Eorpach leis go gcomhlíonann an duine aonair a moladh coinníollacha Airteagal 339(2) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear liosta na n-eadránaithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad liosta na ndaoine aonair, arna bhunú de bhun Airteagal 339(1) den Chomhaontú, atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Airteagal 3

Déanfar an Cinneadh seo a tharraingt suas i ndúblach i mBéarla. Féadfaidh gach páirtí aistriúcháin a chur ar fáil ina dteangacha oifigiúla.

Arna dhéanamh sa...,

Don Choiste Comhpháirtíochta

An Cathaoirleach *Na Rúnaithe*

IARSCRÍBHINN

LIOSTA NA nEADRÁNAITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 339 DEN CHOMHAONTÚ

Eadránaithe atá molta ag an Aontas Eorpach

1. Claus-Dieter EHLERMANN
2. Giorgio SACERDOTI
3. Jacques BOURGEOIS
4. Pieter Jan KUIJPER
5. Ramon TORRENT

Eadránaithe atá molta ag Poblacht na hAirméine

1. Nora SARGSYAN
2. Arman SARGSYAN
3. Arsen TAVADYAN
4. Levon GEVORGYAN
5. Mushegh MANUKYAN

Cathaoirligh

1. William DAVEY (Stáit Aontaithe Mheiriceá)
2. Helge SELAND (an Iorua)
3. Maryse ROBERT (Ceanada)
4. Christian HÄBERLI (an Eilvéis)
5. Merit JANOW (Stáit Aontaithe Mheiriceá)